



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)
Iarratas ar Dheimhniú Maidir le Díolúine ó Fhorálacha
Alt 96 den Acht um Fhorbairt agus Pleanáil 2000 (arna leasú)
Cuid 6 den Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021.**

1. Ainm an Iarratasóra/na nIarratasóirí: _____

Company details (if applicable where registered under the Companies Act 1963 to 1999)

2. Ainm an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí & Teideal: _____

3. Seoladh an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí:

4. Ainm na Cuideachta: _____

5. Seoladh na Cuideachta: _____

Guthán _____ Ríomhphost: _____

6. Achar an tSuímh (méadair chearnacha nó heicteáir): _____

7. Suíomh na Forbartha Beartaithe: _____

Cur Síos ar an bhForbairt Bheartaithe: _____

8. An bhaint atá ag an iarratasóir/na hiarratasóirí leis na tailte atá buailte leis an suíomh (.i. atá taobh istigh de 400m den suíomh):

9. Aon bhaint a bhfuil an t-iarratasóir eolach uirthi atá ag aon duine a bhfuil an t iarratasóir ag gníomhú i gcomhar leis/léi, nó aon bhaint a bhí acu le linn na tréimhse atá i gceist, le haon talamh atá buailte leis an suíomh:

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

Nóta: Caithfear na rudaí seo a leanas a chur isteach leis an iarratas:

(a) Cóip de léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis – Scála 1:1000 le haghaidh ceantar a bhfuil foirgnimh go dlúth ann, agus 1:2500 i ngach ceantar eile, agus an méid seo a leanas a léiriú uirthi:

- Suíomh na forbartha beartaithe agus imlíne dhearg thart air
- Más le húinéirí difriúla na dáileachtaí talún taobh istigh den imlíne dhearg agus/nó má bhaineann siad le daoine nó le cuideachtaí éagsúla, ní mór imlíne ghlas a chur thart ar gach dáileacht talún ar leith agus lipéad a chur orthu, A, B, C srl.

(b) Foirm Deimhnithe reachtúil (féach thíos) ina bhfuil an t-eolas a éilítear faoi Chuid 97(5) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

(c) Cóip d'iontrálacha sa chlár talún den talamh ar a bhfuil forbairt á beartú a léiríonn cé hiad na húinéirí san am i láthair agus sna cúig mbliana go dtí seo, nó cáipéisí oiriúnacha eile san áireamh a chruthaíonn cé hé/hí úinéir na talún, mar shampla cóip de ghníomhais an díolacháin.

Ní mór na cáipéisí seo ar fad a lóisteáil san Oifig Pleanála, Comhairle Contae na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh.

DEARBHÚ REACHTÚIL

faoi

Chuid 97(5) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

agus faoi

Chuid 49 (a agus b) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)

Nóta: Ní mór do gach duine an fhoirm a shíniú agus dáta a chur uirthi, agus ní mór na focail nach mbaineann le hábhar a scrios.

Dearbhaím/Dearbhaímid go/nach bhfuil (scrios de réir mar is cuí) Deimhniú faoi Alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 faighte **agam/againn**, nó ag (aon) duine a **bhfuil mé/muid** ag gníomhú i gcomhar leo, sa tréimhse 5 bliana suas go dtí dáta an iarratais seo, Deimhniú atá go fóill i bhfeidhm tráth a bhfuil an t-iarratas seo á chur isteach agus a bhaineann le talamh a bhfuil an Deimhniú seo á lorg ina leith nó le talamh atá buailte leis {ní áirítear **Deimhniú** a bhaineann le forbairt a rinneadh, nó ar tugadh cead ina leith, roimh an 1ú Samhain, 2001, ar féidir é a fhágáil as an áireamh

Dearbhaím/Dearbhaímid go/nach ndearna mé/muid - nó **go/nach** ndearna (aon) duine a **bhfuil mé/muid** ag gníomhú i gcomhar leo - forbairt a chuimsíonn soláthar 4 dteach nó níos lú nó tithíocht ar thalamh de mhéid 0.1 heicteár nó níos lú, nó **go/nach** bhfuair **mé/muid** cead a leithéid d'fhorbairt a dhéanamh, sa tréimhse 5 bliana suas go dtí dáta an iarratais seo ar Dheimhniú Díolúine, ar thalamh a mbaineann an Deimhniú atá á lorg leis nó ar thalamh atá buailte leis {ní áirítear forbairt a rinneadh, nó cead a tugadh, roimh an 1 Samhain 2001, ar féidir é a fhágáil as an áireamh}

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an t-eolas atá tugtha **agam/againn** ar an bhfoirm seo agus sna cáipéisí atá ceangailte cruinn chomh fada agus is eol **dom/dúinn** agus chomh fada agus a thugtar le fios sna cáipéisí a bhfuil fáil **agam/againn** orthu. **Dearbhaímse/Dearbhaímidne**, a bhfuil **mo shíniú/ár síniú** thíos, freisin **go/nach** bhfuil fíricí nó cúinsí (ar bith) ar eolas **agam/againn** a bheadh mar bhunús le diúltú ag Comhairle Contae na Gaillimhe Deimhniú a thabhairt faoi théarmaí an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Is de bhun fhorálacha an Achta i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938 a **dhéanaim/dhéanaimid** an dearbhú seo.

Síniú an Iarratasóra:_____ Dáta:_____

Arna dhearbhu i mo láthair ag:_____ Dáta:_____

Dáta:_____

Feidhmeannach Síochána/Coimisinéir Mionnaí

- De réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, ní mheasfar mar thalamh atá buailte le talamh eile talamh atá níos mó ná 400 méadar ó dháileacht talún eile.

Tarraingítear d'aird ar Alt 97 (17) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ina bhforáiltear gur ciontach i gcion é/í aon duine a dhéanann dearbhú reachtúil nó a thugann eolas nó cáipéisíocht atá bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de go comhfhiosach nó go meargánta, nó a dteipeann air/uirthi ar dhóigh ar bith déanamh de réir riachtanais Alt 97(12) agus Alt 97(18), ina bhforáiltear gur féidir i gcás ciontú achomair fineáil suas le €1,905.00 nó téarma príosúnachta suas le 6 mhí nó an dá rud a ghearradh ar aon duine a bhrionnaíonn nó a leasaíonn Deimhniú nó a bhfuil deimhniú brionnaithe nó leasaithe ina s(h)eilbh aige/aici. Agus má chiontaítear ar díotáil é/í, is féidir fineáil suas le €634,869.00 nó téarma príosúnachta suas le 5 bliana nó an dá rud a ghearradh air/uirthi.

Maidir le duine a chiontaítear i gcion faoi Alt 97 (17) nó (18), foráiltear san Acht seo freisin gur féidir, sa bhreis ar an méid sin thuas, coibhéis gnóthachtáil ar bith a fabhraíodh dó/di mar gheall ar dheimhniú a bheith tugtha de bhun an dearbhaithe reachtúil a bheith forghéillte.

CUIRTEAR FOIRMEACHA COMHLÁNAITHE AR AIS CHUIG: -

**AN RANNÓG PLEANÁLA,
COMHAIRLE CATHRACH NA
GAILLIMHE,
HALLA NA
CATHRACH,
BÓTHAR AN
CHOLÁISTE,
GAILLIMH.**

Guthán: 091 – 536599

Ríomhphost: planning@galwaycity.ie